

Comhthuarascáil Eurojust agus Gréasán Breithiúnach na hEorpa ar eiseachadadh shaoránaigh AE chuig tríú tíortha

Dáta: 25 Samhain 2020

URL: <https://europa.eu/!Mq86rd>

Ina breithiúnas *Petruhhin* ón mbliain 2016, thug Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) oibleagáidí sonracha isteach do Bhallstáit nach ndéanann a náisiúnaigh féin a eiseachadadh agus a fhaigheann iarratas ar eiseachadadh chun saoránach AE atá ina náisiúnach de Bhallstát eile a ionchúiseamh agus a bhain leas as a cheart chun saorghluaiseachta

An 4 Meitheamh 2020 d'iarr an Chomhairle ar Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) agus ar Ghréasán Breithiúnach na hEorpa (GBE) anailís a dhéanamh ar an gcaoi a láimhseáiltear go praiticiúil cásanna iarrataí ar eiseachadadh shaoránaigh AE ó thríú tíortha, agus go dtugaidís tuairisc don Chomhairle faoin 1 Nollaig 2020.

Is í aidhm na comhthuarascála seo le Eurojust agus GBE an Chomhairle a chur ar an eolas faoi na príomhdheacrachtaí a bhíonn ag cleachtóirí sa réimse seo. Tá sé bunaithe ar anailís ar chásanna Eurojust a cláraíodh tar éis breithiúnas *Petruhhin* i Meán Fómhair 2016 agus ar eispéireas GBE. Dá bhrí sin, níl sé d'aidhm ag an tuarascáil forbhreathnú uileghabhálach a sholáthar ar gach saincheist fhéideartha a ardaíonn an cásdlí thuasluaite ar fud an AE, ach díríonn sí ar shaincheisteanna a shainaithin Eurojust agus GBE ina gcásobair faoi seach amháin.

Deimhníonn an tuarascáil go n-ardaíonn cur i bhfeidhm chásdlí CBAE ar eiseachadadh shaoránaigh an AE roinnt saincheisteanna, idir phraiticiúil agus dlíthiúil, agus go raibh ról tábhachtach ag Eurojust agus GBE maidir le comhar a éascú idir na Ballstáit lena mbaineann, agus uaireanta freisin le tríú tíortha.

Is iad seo a leanas na saincheisteanna is mó a bhaineann le hábhar a sainaithníodh, mar aon le moltaí Eurojust/GBE nuair is féidir.

- Éiginnteacht maidir le raon chásdlí CBAE.
 - Easpa soiléireachta maidir le méid oibleagáidí an Bhallstáit iarrtha i gcás iarrata ar eiseachadadh chun pianbhreith choimeádta a fhorghníomhú.
 - Cur i bhfeidhm féideartha an sásra chomhairliúcháin i gcásanna nach gcomhlíonann coinníollacha uile chásdlí CBAE.

Moltar soiléiriú breise a dhéanamh ar raon feidhme chásdlí CBAE.

- Saincheisteanna praiticiúla agus dlíthiúla a bhaineann leis an nós imeachta comhairliúcháin.
 - Deacrachtaí na húdaráis inniúla i mBallstáit na náisiúntachta a shainaithint.
 - Cleachtais éagsúla a bhaineann leis an bhfaisnéis riachtanach atá le soláthar do Bhallstát na náisiúntachta maidir leis an iarraidh ar eiseachadadh.
 - Éiginnteacht maidir le cén Ballstát ba cheart a bheith freagrach as an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil don Bhallstát náisiúntachta a aistriú agus a chostais a íoc.
 - Cleachtais éagsúla a bhaineann leis na teorainneacha ama a thugann Ballstát na náisiúntachta maidir le hionchúiseamh a dhéanamh ar an duine iarrtha.

- Cleachtais éagsúla a bhaineann leis an gcineál measúnaithe a dhéanann an Ballstát náisiúntachta agus é ag cinneadh ar cheart an duine iarrtha a ionchúiseamh.
- Éiginnteacht maidir leis an ionstraim um chomhar breithiúnach atá le húsáid chun ionchúiseamh a chinntiú sa Bhallstát náisiúntachta, go háirithe mura gcomhlíontar na tairseacha chun barántas gabhála náisiúnta agus/nó barántas gabhála Eorpach a eisiúint.
- Ábharthacht aghaidh a thabhairt ní amháin ar cheist na dlínse, ach freisin ar an tír is fearr chun ionchúiseamh a dhéanamh agus, dá bharr sin, cosc a chur ar saoirse ó phionós.
- Teannas idir oibleagáidí a eascraíonn as dlí an AE ar thaobh amháin agus oibleagáidí a eascraíonn as conarthaí eiseachadta déthaobhacha agus iltaobhacha ar an lámh eile.

Moltar tuilleadh soiléirithe a dhéanamh ar na saincheisteanna thuasluaite.

- Torthaí an nós imeachta comhairliúcháin.
 - I bhformhór mór na gcásanna a ndearnadh anailís orthu, níor ionchúisíodh saoránach an AE ina Bhallstát náisiúntachta mar thoradh ar an nós imeachta comhairliúcháin a ghníomhaigh an Ballstát iarrtha. Dealraíonn sé nach bhfuil sásra den sórt sin tairbheach ach sa chás go bhfuil imeachtaí comhthreomhara ar siúl cheana féin i gcoinne an duine iarrtha sa Bhallstát náisiúntachta.
- Ról Eurojust agus GBE.
 - Bhí ról tábhachtach ag Eurojust agus GBE araon maidir le cúnaimh agus tacaíocht a thabhairt d'údaráis náisiúnta maidir le saincheisteanna praiticiúla agus dlíthiúla.

Tá míniú mionsonraithe ar na saincheisteanna/moltaí praiticiúla agus dlíthiúla thuasluaite ar fáil sa tuarascáil seo, roinnt saincheisteanna atá ann i gcónaí san áireamh. Ina theannta sin, cuireadh samplaí de chásanna (anaithnidithe), arna gcur i láthair ag Eurojust agus GBE, ar fáil chun cabhrú le míniú a thabhairt ar na saincheisteanna atá i gceist.